Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 15 Feabhra 2022

CM 1678/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0184(NLE)

PECHE

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.6083 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh<br>- Údarú an nós imeachta i scríbhinn a úsáid<br>- An cinneadh a ghlacadh<br>- An dearbhú ón gComhairle a fhormheas<br>= AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN A THIONSCNAMH |

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh chun go nglacfar an Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh.

**Iarrtar oraibh a chur in iúl:**

1) an aontaíonn sibh an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun go nglacfar an cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh ;

   **Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

2) an aontaíonn sibh go nglacfaí an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle, mar a leagtar amach in 12617/21 + ADD 1 é;

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

3) má aontaíonn sibh go ndéanfar an ráiteas seo a leanas a fhormheas agus a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle:

*'Tá an Chomhairle tiomanta féachaint le forálacha a chur isteach i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint a bheidh le próiseáil faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin i ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais agus glacadh rialacha breise a shaothrú maidir leis an bpróiseáil sin ag Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh agus iarrann sí ar an gCoimisiún na forálacha sin a áireamh ina thograí ábhartha.'*.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Ní mór aon ráiteas eile a dhéanamh an tráth céanna le freagra a thabhairt ar an gceist.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoi **Dé Máirt, an 15 Feabhra 2022 ar 18.00** ar a dhéanaí. Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig: **LIFE.fisheries@consilium.europa.eu**.